An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

An Rialálaí Carthanas

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014 mar Údarás neamhspleách de chuid na hÉireann le haghaidh iontaobhais charthanúla agus eagraíochtaí carthanúla (carthanais) a rialáil agus a chosaint. Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas aige faoin Acht Carthanas 2009:

- Iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú;
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanais a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla;
- Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn;
- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú;
- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla;
- Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil;
- Comhlíonadh an Achta ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna;
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta;
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú);
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis;
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

Is é atá i gceist lenár Misean:

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.

Is é atá i gceist lenár bhFís:

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Is é atá i gceist lenár Luachanna:

COMHRÉIREACHT

Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírímid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó.

OSCAILTEACHT

Glacaimid cur chuige oscailte agus trédhearcach i leith ár gcuid oibre. Cuirimid faisnéis ar fáil faoin dóigh a n-oibrímid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.



FOGHLAIM

Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise agus bíonn siad leabaithe i gcultúr foghlama. Bímid ag lorg bealaí i gcónaí chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus féachaimid le bheith údarásach inár réimse.

COTHROIME

Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

NEAMHSPLEÁCHAS

Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

CAIDREAMH

Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann imní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Clár Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh	8
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	10
Achoimre Fheidhmeach: Príomhstaitisticí	12
Comhaltaí agus Cruinnithe	13
An Bord	14
Soláthar Foirne	23
Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil a Fhorbairt	25
Rialáil agus Cosaint	31
Clárú	34
Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	40
Caidreamh le Leas-Sealbhóirí	44
Ráitis Airgeadais	48

Ráiteas an Chathaoirligh

Rinne an Rialálaí Carthanas dul chun cinn suntasach sa bhliain 2016 ar roinnt réimsí tábhachtacha a bheidh mar bhonn faoin obair lena gcuirfí ar a chumas rialáil agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar charthanais sna blianta le teacht.

Patrick Hopkins
Cathaoirleach

Sheolamar ár gcéad phlean straitéiseach ina leagtar amach an treochlár le haghaidh ár gcuid oibre go dtí deireadh na bliana 2018. Rinneamar painéal comhairleach ar chruinniú airgid a bhunú freisin. Táimid meáite ar éisteacht le carthanais, le deontóirí agus leis an bpobal chun a chinntiú gur láidir agus oiriúnaithe dá riachtanais atá an cur chuige a ghlacaimid. Foilseofar tuairimí agus moltaí an phainéil ar chur i gcrích an chomhairliúcháin.

I mí na Bealtaine, d'earcaíomar ár bPríomhfheidhmeannach nua agus choimisiúnaíomar athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar na hacmhainní a theastaíonn chun an tAcht Carthanas a chur chun feidhme. Ghlac an tAire leis na moltaí agus, dá bharr sin, méadaíodh ár mbuiséad agus ár bhfoireann agus athlonnaíodh ár n-áitreabh chuig oifigí nua plean oscailte ag 3 Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath.

Chuir an Tánaiste tús le Cuid 4 den Acht Carthanas i mí Mheán Fómhair. Beart an-dearfach ar cuireadh fearadh na fáilte roimhe maidir le rialáil carthanas in Éirinn a bhí ansin. Leis na cumhachtaí a thugtar leis, cuirfear ar chumas an Rialálaí Carthanas bearta a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnófar carthanais na hÉireann agus go mbainisteofar go maith iad. Beidh an Rialálaí Carthanas in ann obair go réamhghníomhach anois i gcásanna ina meastar go ndearnadh sáruithe ar an Acht. Úsáidfear na cumhachtaí sin ar bhealach comhréireach cothrom, agus aitheantas á thabhairt ar an bhfíric gurb é tacaíocht agus ní forfheidhmiú an rud a theastaíonn ón gcuid is mó de charthanais.

> TÁ DIONGBHÁILTEACHT AONTAITHE SHOILÉIR AG AN ÚDARÁS, AG AN LUCHT BAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN AGUS AG AN BHFOIREANN EARNÁIL CARTHANAS ATÁ BEOGA, A BHFUIL IONTAOIBH AISTI AGUS A BHFUIL MEAS UIRTHI MAR GHEALL AR AN LEAS POBAIL A CHUIREANN SÍ AR FÁIL A SHOLÁTHAR.

Is suntasach atá an dul chun cinn a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2016. Is gá go mbainistítear gach carthanas go cuí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad a gcuspóir carthanúil agus go gcoimeádann siad muinín an phobail. Chuige sin, leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar charthanais na hÉireann a rialáil agus a chosaint chun iontaoibh agus muinín an phobail a mhéadú.

Maidir leis an dá chuspóir a bhaineann leis an dlí a chomhlíonadh agus le tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe ina ról, tá siad tábhachtach chun feabhas a chur ar rialachas, bainistíocht agus riarachán na gcarthanas.

Tá diongbháilteacht aontaithe shoiléir ag an Údarás, ag an Lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin agus ag an bhfoireann earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil a sholáthar.

Cuid dhílis de chumas an Rialálaí Carthanas chun a spriocanna a bhaint amach is ea an tacaíocht ghníomhach a fhaightear ón Aire agus ó oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus is mór againn an tacaíocht sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí agus foireann an Údaráis as a dtacaíocht, a dtiomantas agus a n-obair dhícheallach sa bhliain 2016.

Patrick Hopkins
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Foráiltear leis an Acht Carthanas 2009 do rialáil agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar Charthanais na hÉireann. Nithe tábhachtacha a bhrúnn clár oibre athchóirithe chun cinn do Charthanais na hÉireann iad na cumhachtaí a thugtar don Rialálaí Carthanas agus na hoibleagáidí a leagtar ar iontaobhaithe.

John Farrelly
Príomhfheidhmeannach

Gné thábhachtach d'iontaoibh agus muinín an phobail a mhéadú is ea rialálaí éifeachtúil éifeachtach a dhéanann faireachán agus cosaint ar iontaobhaithe a bhfuil dea-rúin acu agus atá ar an eolas, agus é ag cloí le creat rialála comhréireach. Mar chuid den chlár oibre sin, chuireamar tús leis an bpróiseas um ár scileanna inmheánacha a mhéadú agus a leathnú, bogadh chuig oifig nua agus ardán digiteach a chruthú lena gcabhrófaí le carthanais, carthanais bheaga go háirithe, an dlí a chomhlíonadh.

Leanamar leis an obair ar an gclár eagraíochtaí carthanúla a fhorbairt agus, nuair ba ghá, rinneamar idirghabháil trí leas a bhaint as ár gcumhachtaí chun rialáil agus cosaint. Is é an rún rialála atá againn go mbeidh gach carthanas ag comhlíonadh an dlí, agus an méid is ísle idirghabhála agus forfheidhmithe rialála á leagan orthu ag an am céanna. Beimid trédhearcach agus comhréireach, ag díriú ár gcuid acmhainní agus ár ndua ar na réimsí is mó riosca.

Caomhnóirí na gcarthanas iad iontaobhaithe. Leanfaimid le hinniúlacht iontaobhaithe a chur chun cinn agus a spreagadh, agus cur chun feidhme á dhéanamh againn ar chur chuige rialála lena laghdófaí an dóchúlacht agus an tarraingteacht a bhaineann le hiompraíocht leithleasach. Léirítear inár dteagmhálacha le carthanais sa bhliain 2016 gurb amhlaidh go gcosnaítear an aidhm charthanúil i gcás inarb é iontaobhaithe a rialaíonn an carthanas agus ina bhfuil córas cuí láidir srianta agus ceartúchán i bhfeidhm acu. Chomh maith leis sin, rinneamar seoladh sa bhliain 2016 ar mhórchomhairliúchán poiblí maidir leis an dóigh ar cheart do charthanais cuntas a choimeád ar an airgead a fhaigheann siad agus a chaitheann siad. Tá sé sin tábhachtach chun cur chuige láidir soiléir cothrom a chruthú maidir leis an dóigh a gcoimeádann carthanais cuntas ar a gcuid acmhainní.

> IS É AN RÚN RIALÁLA ATÁ AGAINN GO MBEIDH GACH CARTHANAS AG COMHLÍONADH AN DLÍ, AGUS AN MÉID IS ÍSLE IDIRGHABHÁLA AGUS FORFHEIDHMITHE RIALÁLA Á LEAGAN ORTHU AG AN AM CÉANNA.

Tá sé soiléir ónár gcaidreamh leis na mílte duine, a chuimsigh iontaobhaithe, baill foirne, deontóirí agus baill den phobal, go bhfuil fonn comhchoiteann ann tacú le carthanais inbhuanaithe bheoga. Tá sé soiléir freisin, áfach, nach bhfuil siad ag iarraidh cur suas le carthanais nach bhfuil trédhearcach, oscailte agus ag comhlíonadh an dlí.

Mar Rialálaí, déanaimid ár ndícheall a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí na gcarthanas ar an mbealach is trédhearcaí is féidir. Tá sé ar intinn againn an dlí a chur chun feidhme chun gur féidir leis an bpobal an dóigh a n-oibríonn gach carthanas aonair a fheiceáil agus a thuiscint go réidh. Leis an gcur chuige sin, cosnófar na daoine maithe atá ag déanamh obair mhaith le leas an phobail agus cinnteofar go mbeidh rath agus bláth ar ghníomhaíocht charthanúil fós.

John Farrelly
Príomhfheidhmeannach

Achoimre Fheidhmeach

Príomhéachtaí don bhliain 2016

8,003

AN LÍON EAGRAÍOCHTAÍ A BHÍ AR AN **gCLÁR EAGRAÍOCHTAÍ CARTHANÚLA** AG DEIREADH NA BLIANA 2016

7,430

AN LÍON **TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA** A CHOMHDAIGH CARTHANAIS DO NA TRÉIMHSÍ TUAIRISCITHE SNA BLIANTA 2015 AGUS 2016

30,589

AN LÍON **TEAGMHÁLACHA** AGUS **CEISTEANNA** TOSAIGH A FUARTHAS ÓN BPOBAL

FUAIR AN RIALÁLAÍ CUMHACHTAÍ NUA CHUN CARTHANAIS A **IMSCRÚDÚ** AGUS A **CHOSAINT**

✓ **84** AN LÍON CARTHANAS A CUIREADH LEIS AN **gCLÁR EAGRAÍOCHTAÍ CARTHANÚLA**

✖ **314** AN LÍON CARTHANAS **A DÍCHLÁRAÍODH**

317 AN LÍON ÁBHAR IMNÍ FAOI CHARTHANAIS A FUARTHAS SA BHLIAIN

500 AN LÍON CARTHANAS AG A bhFUIL **UIMHIR CHARTHANAIS** A FUAIR LITREACHA FÓGRA DEIRIDH INAR IARRADH ORTHU **A SONRAÍ CLÁRÚCHÁIN A CHOMHLÁNÚ**

FOILSÍODH **PLEAN STRAITÉISEACH** DON RIALÁLAÍ CARTHANAS DON TRÉIMHSE **2016-18**

135 AN LÍON CARTHANAS **A CHOMHOIBRIGH LEIS AN RIALÁLAÍ** MAR CHUID DÁ PHRÓISEAS BAINISTÍOCHTA ÁBHAR IMNÍ

Comhaltaí agus Cruinnithe

An tÚdarás Rialála Carthanas (*"An tÚdarás"*)

Patrick Hopkins (*Cathaoirleach*)

Graham Richards

Ann FitzGerald

Patricia Cronin

David Brady

Cynthia Clampett

Anna Classon

Fergus Finlay

Tom Costello

Senan Turnbull

Barbara O'Connell (*a d'éirigh as an ról an 11 Samhain 2016*)

Hugh Maddock

Sandra Chambers

Katie Cadden

Noel Wardick

Príomhfheidhmeannach

John Farrelly (*a ceapadh an 16 Bealtaine 2016*)

Ms Úna Ní Dhubhghaill (*go dtí an 15 Aibreán 2016*)

OIFIG:

3 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1, D01 X5X0

An Bord

Patrick Hopkins (Cathaoirleach)

Bhí Paddy ina Rúnaí Cuideachta agus ina Bhainisteoir i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha i bhFiontraíocht Éireann sular éirigh sé as i mí na Samhna 2013.

David Brady

Tá David ina Chuntasóir Cairte, ina shainchomhairleoir agus ina chomhairleoir don earnáil carthanas.

Katie Cadden

Tá Katie ina dlíodóir ar cleachtadh a oibríonn sa dlí carthanas, sa dlí cuideachtaí agus sa rialáil.

Sandra Chambers

Tá Sandra ina stiúrthóir cuideachta agus ina comhairleoir cánach cairte.

Cynthia Clampett

Tá Cynthia ar an bPríomhfheidhmeannach ar Fhondúireacht Ospíse Mhaigh Eo-Ros Comáin agus tá taithí breis agus 20 bliain aici ar chruinniú cistí, ar bhainistíocht agus ar fhorbairt i measc eagraíochtaí carthanúla.

Anna Classon

Tá Anna ag obair san earnáil carthanais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le 18 mbliana anuas ag leibhéal an phobail agus ag leibhéal an lucht ardbhainistíochta.

Tom Costello

Chaith Tom tréimhse 14 bliana ag obair in The Atlantic Philanthropies, agus é ag dul ar scor sa bhliain 2014. Bhí poist ardbhainistíochta aige sna hearnálacha deonacha, príobháideacha agus stáit roimhe sin.

Patricia Cronin

Tá Patricia ina dlíodóir ag a bhfuil taithí ar obair san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, lena n-áirítear taithí breis agus 25 bliana ar obair i róil éagsúla le GFT Éireann.

Ann FitzGerald

Tá Ann ina habhcóide atá ar cleachtadh i gCorcaigh. Tá cleachtadh ginearálta fadréimseach aici.

Fergus Finlay

Tá Fergus ag obair mar Phríomhfheidhmeannach ar Barnardo's, carthanas leanaí, ón mbliain 2005 i leith.

Hugh Maddock

Tá Hugh ag obair san earnáil cruinnithe cistí carthanais san Oirdheisceart le breis agus 30 bliain anuas.

Graham Richards

Tá Graham ina dhlíodóir cáilithe agus ina Nótaire Poiblí. Bhí sé ar dhuine de Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn ón mbliain 2004 go dtí díscaoileadh na gCoimisinéirí.

Senan Turnbull

Tá Senan ina iarfhostaí sa tseirbhís phoiblí atá ar scor anois. Le linn a ghairme ag obair i roinnt mhaith Ranna agus Comhlachtaí Stáit, d'oibrigh sé leis an earnáil pobail agus dheonach go háirithe.

Noel Wardick

D'oibrigh Noel mar ghairmí sinsearach san earnáil cúnaimh thar lear ar feadh 16 bliana. Tá sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar Chomharchumann Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath.

** D'éirigh Barbara O'Connell as an mBord an 11 Samhain.*

Tinreamh ag Cruinnithe Boird 2016 - Eanáir go Samhain

Comhaltaí Boird	Iomlán	4 Feab. 2016	10 Márta 2016	21 Aib. 2016	26 Beal. 2016	30 Meit. 2016	11 Lún. 2016	15 MF 2016	20 DF 2016	30 Sam. 2016
Patrick Hopkins	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Ann Fitzgerald	**7 gcinn as 9 gcinn**	1	0	1	1	0	1	1	1	1
Sandra Chambers	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Patricia Cronin	**8 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	0	1	1	1
Hugh Maddock	**7 gcinn as 9 gcinn**	1	1	0	1	1	1	0	1	1
Graham Richards	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
David Brady	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Noel Wardick	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Senan Turnbull	**8 gcinn as 9 gcinn**	0	1	1	1	1	1	1	1	1
Tom Costello	**7 gcinn as 9 gcinn**	1	0	1	1	0	1	1	1	1
Katie Cadden	**4 cinn as 9 gcinn**	1	0	1	0	1	0	1	0	0
Fergus Finlay	**9 gcinn as 9 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1	1
Anna Classon	**4 cinn as 9 gcinn**	0	0	0	0	1	1	0	1	1
Cynthia Clampett	**7 gcinn as 9 gcinn**	1	0	1	1	0	1	1	1	1
Barbara O'Connell	**3 cinn as 8 gcinn**	0	0	0	1	1	0	0	1	A d'éirigh as

Táillí agus Speansais Chomhaltaí an Údaráis

Bhí naoi gcruinniú ag an Údarás sa tréimhse ó mhí Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016. B'ionann na táillí gaolmhara agus €68,828 (2015: €117,821) agus b'ionann na speansais agus €6,959 (2015: €7,016). Tá sonraí leagtha amach thíos faoi thinreamh agus na suimeanna a íocadh leis na comhaltaí. Íocadh táillí ag an ráta caighdeánach ceadaithe ar shocraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Comhaltaí Boird	Táille Boird 2016	Taisteal & Cothú 2016	An Líon Cruinnithe Boird 2016
Brady, David	5,985	-	**9**
Cadden, Katie	5,985	373	**4**
Chambers, Sandra	5,985	173	**9**
Clampett, Cynthia	5,985	-	**7**
Classon, Anna	5,985	-	**4**
Costello, Tom	5,985	-	**7**
Cronin, Patricia	5,985	-	**8**
Finlay, Fergus[3]	-	-	**9**
FitzGerald, Ann	5,985	5,610[2]	**7**
Hopkins, Patrick (*Cathaoirleach*)	8,978	314	**9**
Maddock, Hugh	5,985	489	**7**
O'Connell,Barbara[1] (*a d'éirigh as an ról an 11 Samhain 2016*)	-	-	**3**
Richards, Graham[1]	-	-	**9**
Turnbull, Senan[3]	-	-	**8**
Wardick, Noel	5,985	-	**9**
Iomlán	**68,828**	**6,959**	

[1]Tharscaoil na Comhaltaí a dTáillí sa bhliain 2016.

[2]Áirítear leis an bhfigiúr thuas suim €2,209 as taisteal agus cothú i dtaca le hobair leis an bPainéal Comhairleach ar chruinniú airgid carthanúil.

[3]An Prionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', 2016.

Bhunaigh an tÚdarás ceithre choiste, is iad sin:

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca chun cabhrú leis an mBord na freagrachtaí atá air a chomhlíonadh maidir leis na nithe seo:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Córais rialaithe inmheánaigh
- Iniúchóireacht
- Próiseas an Rialálaí Carthanas maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a oibleagáidí reachtúla.

Tháinig an coiste le chéile sé huaire sa bhliain 2016. Ba iad seo na comhaltaí den choiste:

David Brady (*Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás*);

Sandra Chambers (*Comhalta den Údarás*);

Ann FitzGerald (*Comhalta den Údarás*);

Noel Wardick (*Comhalta den Údarás*);

Adrian Clements *(Seachtrach, a chuaigh isteach ann an 11 Márta 2016*);

Nuala Comerford (*Seachtrach, a chuaigh isteach ann an 11 Márta 2016*).

Comhaltaí Boird	Iomlán	8 Feab. 2016	29 Már. 2016	9 Aib. 2016	15 Meit. 2016	3 DF 2016	14 DF 2016
David Brady	**6 cinn as 6 cinn**	1	1	1	1	1	1
Ann FitzGerald*	**0**						
Sandra Chambers	**4 cinn as 6 cinn**	1	1	1	0	0	1
Noel Wardick	**5 cinn as 6 cinn**	1	1	0	1	1	1
Adrian Clements	**5 cinn as 6 cinn**		1	1	1	1	1
Nuala Comerford	**5 cinn as 6 cinn**		1	1	1	1	1

** Tugadh Ann FitzGerald ar iasacht i mí Feabhra 2016 chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an bPainéal Comhairleach ar Chruinniú Airgid Carthanúil.*

An Coiste Rialachais

Bunaíodh an coiste chun comhairle a chur ar an Údarás maidir lena chur chuige rialachais. Áirítear lena chuid dualgas athbhreithniú (bliantúil) a dhéanamh ar bheartas rialachais an Rialálaí Carthanas agus cur chun feidhme an bheartais a mhaoirsiú, mar aon le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha rialachais agus rialála.

Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2016. Ba iad seo na comhaltaí den choiste:

Senan Turnbull (*Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás*);

Katie Cadden (*Comhalta den Údarás*);

Barbara O'Connell (*Comhalta den Údarás, a d'éirigh as an ról an 11 Samhain 2016*);

Ronan Nolan (*Seachtrach*);

Diarmaid Ó Corrbuí (*Seachtrach, a chuaigh isteach ann an 30 Meitheamh 2016, a d'éirigh as an ról i mí na 21 Samhna 2016*).

Comhaltaí Boird	Iomlán	21 Ean. 2016	31 Már. 2016	30 Meit. 2016	29 MF 2016
Senan Turnball	**4 cinn as 4 cinn**	1	1	1	1
Katie Cadden	**2 cinn as 4 cinn**	0	1	0	1
Barbara O'Connell	**3 cinn as 4 cinn**	1	0	1	1
Ronan Nolan	**4 cinn as 4 cinn**	1	1	1	1
Diarmuid O' Corrbui	**2 cinn as 2 cinn**			1	1

An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní

Bunaíodh an Coiste chun cabhrú leis an Údarás earcú an Phríomhfheidhmeannaigh a bhainistiú, chun an próiseas bainistíochta feidhmíochta a mhaoirsiú don lucht ardbhainistíochta agus chun téarmaí agus coinníollacha bhaill foirne an Rialálaí Carthanas a bhreithniú, lena n-áirítear na téarmaí faoina ndéantar baill foirne a shannadh don Rialálaí Carthanas/a thabhairt ar iasacht dó/a leithdháileadh air/a aistriú chuige. Tá ceathrar comhaltaí ann ar an gcoiste, a bhfuil gach duine díobh ina gcomhaltaí den Údarás.

Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2016. Ba iad seo na comhaltaí den choiste:

Paddy Hopkins (*Comhalta den Údarás agus Cathaoirleach*);

Tom Costello (*Comhalta den Údarás*);

Patricia Cronin (*Comhalta den Údarás*);

Fergus Finlay (*Comhalta den Údarás*).

Comhaltaí Boird	Iomlán	10 Már. 2016	28 Lún. 2016	15 MF 2016	30 Sam. 2016
Paddy Hopkins	**4 cinn as 4 cinn**	1	1	1	1
Tom Costello	**3 cinn as 4 cinn**	0	1	1	1
Patricia Cronin	**4 cinn as 4 cinn**	1	1	1	1
Fergus Finlay	**4 cinn as 4 cinn**	1	1	1	1

An Coiste Seirbhísí Carthanais

Bunaíodh an Coiste chun cabhrú leis an Údarás na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin a chomhlíonadh. Áirítear leo sin diúscairt maoine carthanais a údarú, iontaobhaithe nua a cheapadh agus maoin carthanais a dhílsiú d'iontaobhaithe, Scéimeanna Ionchorpraithe agus Scéimeanna Cy-Près a dhréachtú, agus deontais agus scoláireachtaí a cheadú.

Tháinig an coiste le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2016. Ba iad seo na comhaltaí den choiste:

Graham Richards (*Comhalta den Údarás agus Cathaoirleach*);

Katie Cadden (*Comhalta den Údarás*);

Sandra Chambers (*Comhalta den Údarás*);

Patricia Cronin (*Comhalta den Údarás*);

An Breitheamh John O'Connor (*Seachtrach*).

Comhaltaí Boird	Iomlán	21 Ean. 2016	25 Feab. 2016	7 Aib. 2016	12 Beal. 2016	14 Meith. 2016	1 MF 2016	4 DF 2016	30 Sam. 2016
Graham Richards	**8 gcinn as 8 gcinn**	1	1	1	1	1	1	1	1
Patricia Cronin	**7 gcinn as 8 gcinn**	1	1	1	1	1	0	1	1
Sandra Chambers	**7 gcinn as 8 gcinn**	1	1	1	1	1	1	0	1
Judge John O Connor	**6 cinn as 8 gcinn**	1	0	1	1	0	1	1	1
Katie Cadden*	**3 cinn as 8 gcinn**	0	0	1	0	0	1	0	1

**Bhí Katie Cadden ar shaoire chomhaontaithe ar feadh tréimhse fhada le linn na bliana 2016.*

Soláthar Foirne

Sa bhliain 2016, chuaigh an Rialálaí Carthanas i mbun comhpháirtíochta leis an Aonad Acmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun tacú le baill foirne a earcú, a chur faoi oiliúint agus a fhorbairt agus lena bhfeidhmíocht a bhainistiú.

Tá an Rialálaí Carthanas lántiomanta do chur chun cinn a dhéanamh ar thimpeallacht oibre ina gcuirtear riachtanais daoine aonair san áireamh le linn dó riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh, ar aon dul le Cuspóir Straitéiseach a Ceathair - Eagraíocht atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt. Chun tacú leis an tiomantas sin, dhear an Rialálaí Carthanas Straitéis Acmhainní Daonna i mí na Samhna 2016. Leanfaidh sé leis an Straitéis a chur i bhfeidhm sa bhliain 2017.

Mhéadaigh an Rialálaí Carthanas a líon foirne faoi 12 bhall foirne ag deireadh na bliana 2016, rud a d'fhág go raibh 31 bhall foirne aige. Chomh maith leis sin, fuair sé seirbhísí tacaíochta breise ar bhonn sealadach chun cabhrú leis roinnt príomhghníomhaíochtaí oibriúcháin a chur ar bun. Forbraíodh plean fórsa saothair chun cur ar chumas an Rialálaí Carthanas a acmhainn agus a inniúlachtaí a neartú agus é féin a atheagrú sa 'tsamhail oibriúcháin roghnaithe' a sainaithníodh i dTuarascáil an Athbhreithnithe ar Acmhainní Daonna agus Airgeadais, ar tuarascáil í a coimisiúnaíodh agus a formheasadh.

Ba iad seo na baill den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin ag deireadh mhí na Nollag:

Ceapadh **John Farrelly** chuig ról an Phríomhfheidhmeannaigh i mí na Bealtaine 2016. Is é atá i gceist lena ról Údarás rialála neamhspleách atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt chun carthanais na hÉireann a rialáil agus a chosaint.

Chuaigh **Meiread Ashe** isteach ann i mí Mheán Fómhair 2016 mar Cheann Gnóthaí Corparáideacha agus Rúnaí don Údarás. Tá freagracht ar an bhfoireann Gnóthaí Corparáideacha as maoirseacht a dhéanamh ar úsáid éifeachtach acmhainní daonna, airgeadais, TFC agus cóiríocht oifige an Rialálaí agus ar a shocruithe bainistíocht cáilíochta agus rialachais fhoriomláin.

Chuaigh **Eamon O'Halloran** isteach ann i mí an Mheithimh 2015 mar Cheann Cláraithe agus Tuairiscithe. Tá freagracht air as an bhfoireann cláraithe a threorú maidir le clár poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn.

Chuaigh **Ciara Cahill** isteach ann i mí Lúnasa 2015 mar Chomhairleoir Dlí. Cuireann sí comhairle dlí ar fáil maidir le feidhmeanna clárúcháin, comhlíonta agus gnóthaí corparáideacha an Rialálaí Carthanas. Chomh maith leis sin, bainistíonn an comhairleoir dlí feidhm seirbhísí carthanais an Rialálaí Carthanas, rud lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do charthanais mar a leagtar amach san Acht Carthanas, 1961, arna leasú.

Chuaigh **Ciara Cahill** isteach ann i mí Lúnasa 2015 mar Chomhairleoir Dlí. Cuireann sí comhairle dlí ar fáil maidir le feidhmeanna clárúcháin, comhlíonta agus gnóthaí corparáideacha an Rialálaí Carthanas. Chomh maith leis sin, bainistíonn an comhairleoir dlí feidhm seirbhísí carthanais an Rialálaí Carthanas, rud lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do charthanais mar a leagtar amach san Acht Carthanas, 1961, arna leasú.

Chuaigh **Rory Geraghty** isteach ann i mí an Mheithimh 2016 mar Cheann um Chaidreamh le Leas-Sealbhóirí. Tá freagracht ar a fhoireann as caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú le ról rialála an Údaráis. Ar na leas-sealbhóirí tá carthanais, tairbhithe, an pobal, gníomhaireachtaí Rialtais agus reachtúla agus na meáin.

Bhí **Brien Henderson** ar an gCeann Comhlíonta agus Gnóthaí Corparáideacha idir mí Lúnasa 2015 agus mí Mheán Fómhair 2016.

Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil a Fhorbairt

Príomhchuspóir straitéiseach is ea an Rialálaí Carthanas a fhorbairt mar Údarás rialála neamhspleách atá éifeachtach agus éifeachtúil. Má bhaintear an cuspóir sin amach go rathúil, beidh Bord agus foireann inspreagtha againn. Bainfidh foireann ceannaireachta láidir agus thiomnaithe tairbhe as tarmligean cuí maidir le hoibríochtaí laethúla. Beidh bonneagar éifeachtach TF ag an Rialálaí, rud a fhágfaidh go mbeidh clárú agus comhlíonadh trédhearcach agus chomh simplí agus is féidir do charthanais.

Sa bhliain 2016, cheap an Rialálaí Carthanas an chéad Cheann Gnóthaí Corparáideacha dá chuid. Líon an duine sin na róil mar Phríomhoifigeach Riosca agus mar Rúnaí don Údarás freisin. Is é beartas an Rialálaí Carthanas tacú le timpeallacht rialaithe, córais bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí atá éifeachtach a fhorbairt de réir a chéile agus a neartú.

D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas an chéad Chreat Rialachais inmheánach uaidh i mí Feabhra 2016. Déantar achoimre sa chreat ar na príomhluamháin agus na príomhrialuithe le haghaidh rialachas corparáideach laistigh den Rialálaí Carthanas. Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Údaráis an creat a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó nuair is gá chun a éifeachtacht a chinntiú.

Le linn na bliana 2016, chomhlíon an Rialálaí Carthanas forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh tús le clár oibre i mí Mheán Fómhair freisin chun a chinntiú go gcuirfeadh an Rialálaí Carthanas an cód athbhreithnithe nua chun feidhme.

Chomh maith leis sin, cuireadh comhaontú maoirseachta i bhfeidhm idir an Rialálaí Carthanas agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagadh amach sa doiciméad an leibhéal comhaontaithe seirbhíse a chuirfí ar fáil don Rialálaí Carthanas. Leagadh amach ann freisin na ceanglais a chuireann an Roinn ar an Rialálaí soláthar fianaise a chur ar fáil lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear comhlíonadh leanúnach na gceanglas ábhartha sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

Chomhlánaigh comhaltaí an Údaráis suirbhé cuimsitheach féinmheastóireachta ar éascaigh soláthraí seirbhíse seachtrach é. Beidh roinnt gníomhartha a sainaithníodh mar thoradh ar an suirbhé ina gcuid de chlár oibre chomhaltaí an Údaráis don bhliain 2017.

Ina theannta sin, ghlac comhaltaí an Údaráis páirt i gcúrsa oiliúna i mí na Nollag 2016 ar éascaigh an Foras Riaracháin é. Cuireadh díriú sa chúrsa oiliúna ar bhainistíocht riosca, ar fhonn riosca, ar dhualgais agus freagrachtaí an Bhoird agus ar an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

An tAthbhreithniú ar Acmhainní Daonna agus Airgeadais

Ar a ról a thosú i mí na Bealtaine 2016, choimisiúnaigh an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú seachtrach neamhspleách oibriúcháin tríd an Oifig um Sholáthar Poiblí. Ba é an cuspóir príomha taobh thiar de ná tuarascáil fhianaisebhunaithe a tháirgeadh ina mionsonrófaí na hacmhainní daonna agus airgeadais, agus na struchtúir a ghabhann leo, a theastaíonn chun sainchúram reachtúil an Rialálaí a chur chun feidhme agus a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Rinneadh comparáid san athbhreithniú idir an Rialálaí agus rialálaithe carthanais i dtíortha eile agus rialálaithe Éireannacha roghnaithe a oibríonn lasmuigh den earnáil carthanais. Mar chuid den athbhreithniú, scrúdaíodh rialálaí carthanas Shasana agus na Breataine Bige, rialálaí carthanas na Nua-Shéalainne agus rialálaí carthanas na hAstráile.

Reáchtáladh agallaimh le rialálaí Thuaisceart Éireann agus le rialálaí na hAlban chun a dturais, a ndúshláin agus a samhlacha oibriúcháin a phlé.

Bhain an plé den chuid ba mhó leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus leis an treoir a d'fhéadfaidís a chur ar fáil, bunaithe ar chéimeanna foirmitheacha a bhforbartha.

Moladh san athbhreithniú go méadófaí acmhainní airgeadais agus daonna agus go gcuirfí struchtúr sonrach i bhfeidhm. Thug an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus oifigigh a Roinne tacaíocht don chur chuige sin agus cheadaigh siad cistiú méadaithe. Chomhaontaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais straitéis Acmhainní Daonna freisin chun cur ar chumas an Údaráis earcú a dhéanamh ar na daoine a bhfuil na scileanna acu an tsamhail oibriúcháin a mhionsonraítear san athbhreithniú a chur chun feidhme.

Bainistíocht cáilíochta

Chuir ár bhfeidhm Gnóthaí Corparáideacha tús le hobair ar chóras bainistíochta cáilíochta a bhunú go foirmiúil. Rinneadh anailís ar bhearnaí agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun próisis oibre a fheabhsú agus a chaighdeánú.

> SA BHLIAIN 2016, D'IARR AN TÚDARÁS CEAD ÓN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS OBAIR A CHUR AMACH AR THAIRISCINTÍ LE HAGHAIDH ARDÁN DIGITEACH SAINCHEAPTHA A FHORBAIRT. FUARTHAS AN CEAD SIN.

Saoráidí

I dtús na bliana 2016, bhí an Rialálaí Carthanas lonnaithe i dTeach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath. De réir mar a mhéadaigh an líon foirne sa bhliain 2016, chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cóiríocht oifige shealadach bhreise ar fáil i gCúirt Montague, Lána Montague, Baile Átha Cliath 2.

Sainaithníodh cóiríocht oifige lárlonnaithe chuí tar éis dul i mbun oibre le hOifig na nOibreacha Poiblí. Síníodh léas 10 mbliana le haghaidh 3 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1. Rinneadh cur i gcrích ag deireadh mhí na Nollag 2016 ar oibreacha feistithe arbh é ab aidhm dóibh leibhéil soláthar foirne agus cleachtais oibre a éascú i dtimpeallacht nua-aimseartha plean oscailte.

Ardán Digiteach

Príomh-chomhpháirt de rialáil agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar charthanais is ea ardán digiteach nua-aimseartha a chur ar fáil lena mbrostaítear clárú agus tuairisciú trí thairseach atá oiriúnach don fheidhm a úsáid. Anuas air sin, ba cheart go mbeifí in ann é a úsáid chun clár agus faisnéis a tháirgeadh lena gcabhraítear leis an bpobal agus le leas-sealbhóirí tábhachtacha faisnéis shoiléir shothuigthe a aimsiú. Sa bhliain 2016, d'iarr an tÚdarás cead ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun obair a chur amach ar thairiscintí le haghaidh córas saincheaptha a fhorbairt. Fuarthas an cead sin.

Beidh an córas sin ar an mol le haghaidh straitéis bainistíochta faisnéise an Rialálaí Carthanas. Chomh maith leis sin, tabharfar leibhéil fheabhsaithe eispéireas úsáideora isteach, mar shampla comhrá tacaíochta fíor-ama le custaiméirí agus iarratais ar líne.

Cuireadh tús sa bhliain 2016 ar obair ar gach príomhphróiseas gnó a shainiú agus a mhapáil. Rachaidh torthaí na hoibre sin chun tairbhe do charthanais sa bhliain 2017 tar éis seoladh a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin nua-dheartha atá dátheangach, dírithe ar an úsáideoir, iomasach, inrochtana, inchuardaithe, solúbtha agus freagrúil. Bainfear úsáid as an suíomh Gréasáin seo mar bhealach príomha le haghaidh faisnéis a chur ar fáil do charthanais chláraithe, do dheontóirí, do chruinnitheoirí airgid, don phobal i gcoitinne agus do na meáin. Cruthófar é ar ardán freagrúil. Chomh maith leis sin, beidh sé cumasaithe d'fhearais mhóibíleacha, comhlíonfaidh sé caighdeáin AA den Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin agus daingneofar é trí SSL agus HTTPS a úsáid.

Bainistíocht Riosca

Rinne an Rialálaí Carthanas a chreat bainistíochta riosca a bhreisiú agus a fheabhsú ar fud na bliana 2016. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus cuireadh clár rioscaí i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe riachtanacha a theastaíonn i bhfeidhm de réir na n-acmhainní atá ar fáil. Cuirtear an clár rioscaí le chéile thar ceann an Údaráis agus athbhreithníonn comhaltaí an Údaráis é gach ráithe. Ba iad seo na príomhrioscaí do bhaint amach a chuspóirí straitéiseacha a sainaithníodh sa bhliain 2016:

- Ní fhorbrófaí acmhainn an Rialálaí ar bhealach tráthúil;
- Ní ghlacfadh eagraíochtaí carthanúla páirt sa phróiseas clárúcháin nó ní chuirfidís clárú nó tuairisciú bliantúil i gcrích;
- Ní dhéanfaí an creat faireacháin rioscabhunaithe agus an córas oibriúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tuairisciú airgeadais

Cuireadh tuairiscí airgeadais inar léiríodh sonraí faoin gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad faoi bhráid an Rialálaí Carthanas gach mí ar fud na bliana lena bhreithniú.

Lean an Rialálaí Carthanas ar aghaidh sa bhliain 2016 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cuireadh cuntais bhliantúla an Rialálaí Carthanas don bhliain 2016 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na n-amscálaí a leagtar amach san Acht Carthanas 2009.

PLEAN STRAITÉISEACH

Ceanglaítear ar an Rialálaí Carthanas le halt 29 den Acht Carthanas 2009 ráiteas straitéiseach don tréimhse trí bliana le teacht a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú. Rinneadh an-chuid oibre sa bhliain 2016 ar an gcéad Phlean Straitéiseach ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2016-2018 a fhorbairt. Seoladh an Plean i mí an Mheithimh 2016.

Sainaithníodh ár gcuspóirí straitéiseacha sa Phlean.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

CLÁRÚ AGUS TUAIRISCIÚ

Clár poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

COMHLÍONADH AGUS IMSCRÚDÚ

Faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanais ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla agus imscrúdú a dhéanamh ar aon sáruithe a bhraitear a bheith ann ar na hoibleagáidí sin.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

CAIDREAMH LE LEAS-SEALBHÓIRÍ

Caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú leis an ról rialála atá againn.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

AGRAÍOCHT ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL

An Rialálaí Carthanas a fhorbairt mar ghníomhaireacht rialála neamhspleách atá éifeachtach agus éifeachtúil.

Mar atá leagtha amach sa phlean, tá sé beartaithe ag an Rialálaí Carthanas a phríomhfheidhmeanna um chlárú agus tuairisciú agus um chomhlíonadh agus forfheidhmiú a neartú. Chomh maith leis sin, féachfaidh an Rialálaí Carthanas le caidreamh níos dlúithe a fhorbairt le saoránaigh. Chun an Plean Straitéiseach a fhorbairt, tugadh faoi chomhairliúchán fairsing le roinnt mhaith leas-sealbhóirí agus eagraíochtaí, lenar áiríodh an pobal.

Iniúchóireacht Inmheánach

Baineann an Rialálaí Carthanas úsáid as seirbhísí an aonaid iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a chomhlíonadh. Rinneadh iniúchadh inmheánach sa bhliain 2016 agus níor sainaithníodh aon ábhair imní ábhartha.

Nochtadh Leasa

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Cód Iompair Ghnó ag an Rialálaí Carthanas ina dtugtar treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí an Údaráis.

Comhlíonadh na nósanna imeachta sin ar fud na bliana 2016.

Is stiúrthóirí ainmnithe iad comhaltaí an Údaráis chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2003, agus tá oibleagáidí orthu i dtaca le leasanna ábhartha a nochtadh agus le ráiteas bliantúil leasanna a chur isteach faoi théarmaí na nAchtanna.

Sláinte agus sábháilteacht

Tá an Rialálaí Carthanas tiomanta d'áit shábháilte oibre a chur ar fáil de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Ní raibh aon timpistí intuairiscithe ann sa bhliain 2016.

Rialáil agus Cosaint

Le Cuspóirí Straitéiseacha a haon agus a dó, socraítear na cúraimí chun clár poiblí agus creat tuairiscithe a bhunú agus a choinneáil do charthanais a oibríonn in Éirinn, le linn faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanais ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla, agus imscrúdú a dhéanamh ar aon sáruithe a bhraitear a bheith ann ar na hoibleagáidí sin.

Má bhaintear na cuspóirí sin amach go rathúil, tabharfar léargas iontaofa den chéad uair riamh ar an raon iomlán carthanas atá ag obair. Méadóidh sé sin trédhearcacht maidir leis an earnáil agus cuirfidh sé le seasamh na hearnála i measc an phobail agus leis an iontaoibh atá ag an bpobal inti. Má sholáthraítear clár faireacháin atá comhréireach agus cuí, cuirfear leis an tuiscint atá ag carthanais ar a n-oibleagáidí oibriú de réir na gcaighdeán is airde rialachais chorparáidigh agus riaracháin agus beidh feasacht mhéadaithe ag iontaobhaithe carthanais ar a n-oibleagáidí sonracha.

Seirbhísí Carthanais

Ghlac an Rialálaí, ar dháta a bhunaithe, na róil agus na feidhmeanna a chuir Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla i gcrích roimhe sin. Is seirbhís thábhachtach í sin maidir lena chinntiú go gcosnaítear aidhmeanna agus gníomhaíochtaí carthanúla in Éirinn. Áirítear na nithe seo a leanas léi:

- **Diúscairt tailte atá á sealbhú thar ceann iontaobhais charthanúla a údarú**

  Féadfaidh an Rialálaí Carthanas diúscairt tailte atá á sealbhú thar ceann iontaobhais charthanúla a údarú i gcás nach bhfuil cumhacht den sórt sin ag na hiontaobhaithe ar shlí eile.

- **Iontaobhaithe nua a cheapadh**

  Ar iarratas ó iontaobhaí (nó ó aon duine eile ag a bhfuil leas) trí dhearbhú reachtúil a thabhairt, féadfaidh an Rialálaí Carthanas iontaobhaí/iontaobhaithe nua a cheapadh chuig carthanas chun áit iontaobhaí/iontaobhaithe reatha a ghlacadh nó chun cur leo nó féadfaidh sé déanamh amhlaidh i gcás nach bhfuil aon iontaobhaí reatha ann.

- **Scéimeanna Cy-Près a cheapadh lena gcuirtear maoin carthanais i bhfeidhm**

  Tá an chumhacht ag an Rialálaí Carthanas scéimeanna Cy-Près lena gcuirtear maoin carthanais i bhfeidhm a shocrú (is é sin, Scéim a bheidh chomh gar agus is féidir do rún an deontóra bhunaidh).

- **Teacht ar chomhréiteach i leith éilimh ó charthanas nó ina aghaidh**

  Ar iarratas ó iontaobhaithe carthanais, féadfaidh an Rialálaí Carthanas comhréiteach a cheadú i leith éilimh ó charthanas nó ina aghaidh.

- **Comhairle a chur ar iontaobhaithe nuair a bhíonn deacracht acu iontaobhas carthanúil a riar**

  Féadfaidh an Rialálaí Carthanas comhairle a chur ar iontaobhaithe a bhfuil deacracht acu iontaobhas carthanúil a riar nó ar sheiceadóirí uachta a bhfuil deacracht acu réadtiomnú carthanúil nó tiomnacht charthanúil a riar.

- **Scéimeanna Corpraithe a cheapadh**

  Ar iarratas ó iontaobhaithe carthanais, féadfaidh an Rialálaí Carthanas scéim a cheapadh lena mbunaítear na hiontaobhaithe mar chomhlacht corpraithe.

- **Orduithe dílseacháin a dhéanamh i ndáil le léasanna**

  Féadfaidh an Rialálaí Carthanas orduithe dílseacháin a dhéanamh lena scaoiltear maoin carthanais ó fheidhmiú cúnant dochraideach i léasanna arna ndéanamh de bhun an Leases for Schools (Ireland) Act, 1881, agus léasanna eile chun críocha carthanúla i gcás nach eol cé atá i dteideal leas an léasóra nó i gcás nach féidir an duine sin a aimsiú.

Rinne an Coiste Seirbhísí Carthanais breithniú ar 237 n-ábhar le linn na bliana 2016, agus iad miondealaithe mar seo a leanas:

Cineál Ábhair	Ábhair ar déileáladh leo sa bhliain 2016
Iarratais nach gnáthiarratais iad (ábhair ilghnéitheacha e.g. cásanna ina n-iarrtar tuairim nó comhairle ón Rialálaí Carthanas; iarratais Cy-Près)	69
Dlíthíocht	10
Gnáthiarratais - diúscairtí maoine (e.g. morgáistí, díolacháin, aistrithe, léasanna a cheadú)	89
Iontaobhaithe nua a cheapadh	48
Míreanna foirmiúla (doiciméid lena séalú)	21

Déanann an fheidhm Seirbhísí Carthanais scrúdú ar fhoirmeacha achoimre a fhaightear ón Oifig Probháide freisin, ar foirmeacha iad lena soláthraítear sonraí faoi na tiomnachtaí carthanúla uile, agus bunaíonn sí cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas na fáltais uile i leith tiomnachtaí den sórt sin.

An Comhchiste Infheistíochta

Tá freagracht ar an Rialálaí Carthanas as maoirseacht a dhéanamh ar Chomhchiste Infheistíochta atá á bhainistiú ag Davy Asset Management Ltd. Bhí luach €38 milliún ar an gComhchiste ag an 31 Nollaig 2016. Chuir Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn an Comhchiste Infheistíochta ar bun i mí Aibreáin 1985 faoi Scéim a bhí leagtha amach in alt 46 den Acht Carthanas, 1961. De bhua alt 82 den Acht Carthanas 2009, ba chuig an Rialálaí Carthanas a aistríodh na feidhmeanna go léir a bhí dílsithe do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn roimhe sin.

Is é sainordú an Rialálaí faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanais agus cabhrú le cloí lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas, lena n-áirítear sócmhainní nó cistí de chuid aon charthanais ar bith atá dílsithe don Rialálaí a riar.

Tá thart ar 344 infheisteoir sa Chiste faoi láthair. Is iad na hinfheisteoirí sa Chiste ná carthanais a bhfuil díolúine bhailí charthanúil chánach acu ó na Coimisinéirí Ioncaim nó iontaobhais charthanúla eile a ligeann na Coimisinéirí isteach ann faoina rogha féin. Is é beartas reatha an Údaráis gan aon Charthanais eile a ligean isteach sa Chiste.

Tá scéim athinfheistíochta díbhinne i bhfeidhm lena dtugtar rogha do shealbhóirí aonaid ioncam díbhinne a fháil mar airgead tirim dhá uair sa bhliain nó é a athinfheistiú ar ais sa Chiste. Má chinntear é a athinfheistiú sa Chiste, beidh méadú comhfhreagrach ann ar an líon aonad breise a bheidh ann ag deireadh mhí an Mheithimh nó ag deireadh mhí na Nollag. Déantar infheistíocht trí aonaid a cheannach, bunaithe ar phraghsanna aonaid a shocraítear don Chiste ag an 30 Meitheamh agus ag an 31 Nollaig nó ag aon am is cuí leis an Rialálaí Carthanas.

Clárú

Bhí 8,003 Charthanas ann ar Chlár na nEagraíochtaí Carthanúla ag an 31 Nollaig 2016. B'ionann é sin agus laghdú 230 carthanas ar an bhfigiúr ag deireadh na bliana 2015. De na carthanais sin, bhí 7,919 gcinn cláraithe faoi alt 40 den Acht agus bhí 84 cinn cláraithe faoi alt 39.

Tá dhá mhodh ann inar féidir le heagraíocht teacht chun bheith ina carthanas cláraithe faoin Acht.

Modh A:
Carthanais alt 40: carthanais a mheastar a bheith cláraithe

Foráiltear le halt 40 den Acht go gclárófar go huathoibríoch aon eagraíochtaí a raibh díolúine bhailí charthanúil chánach (uimhir charthanais) arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim acu ag an 16 Deireadh Fómhair 2014. Measfar carthanais den sórt sin a bheith cláraithe leis an Rialálaí Carthanas fad a bheidh siad i dteideal an díolúine charthanúil chánach sin a shealbhú. Rinneadh 8,452 charthanas san iomlán a chlárú go huathoibríoch tríd an modh seo i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Maidir le gach carthanas a measadh a bheith cláraithe faoi alt 40 den Acht, ceanglaíodh orthu cuntas ar líne a bhunú agus sonraí a chomhlánú ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla ansin. Bhí an fhaisnéis riachtanach tugtha ag 4,962 charthanas ag deireadh na bliana 2016 (figiúr arbh ionann é agus méadú 280% ar an bhfigiúr don bhliain 2015).

Maidir leis na carthanais a measadh a bheith cláraithe go huathoibríoch sa bhliain 2014 de bhua uimhir charthanais a bheith faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncaim, sainaithníodh trínár ngníomhaíocht faireacháin sa bhliain 2016 go raibh 2,980 carthanas ann nach raibh a sonraí comhlánaithe acu ar an gclár nó nach raibh tuarascáil bhliantúil curtha ar fáil acu mar a cheanglaítear le dlí.

8,003

AN LÍON EAGRAÍOCHTAÍ A BHÍ AR **CHLÁR NA nEAGRAÍOCHTAÍ CARTHANÚLA** AG DEIREADH NA BLIANA **2016**

Tar éis dár n-aonad clárúcháin dul i dteagmháil leo ar dtús, chruthaigh 837 gcarthanas cuntas ar líne agus thosaigh siad ag comhlíonadh na bhforálacha. Mhainnigh 2,143 charthanas comhoibriú linn, áfach. Ag gníomhú dó i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, chuir ár n-aonad comhlíonta tús le scrúdú níos mine a dhéanamh ar na 2,143 charthanas lena mbaineann. Díchláraíodh 314 cinn díobh ina dhiaidh sin.

I mí na Samhna, sheol an Rialálaí litir fógra deiridh chuig na 500 ceann de charthanais alt 40 a raibh na huimhreacha carthanais is sine acu, á iarraidh orthu a sonraí clárúcháin a chomhlíonadh. Mhainnigh 131 cheann díobh comhoibriú leis an Rialálaí nó teagmháil a dhéanamh leis. Cuireadh a sonraí ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena ndíchlárú ansin. Thug 53 charthanas eile freagra dúinn chun a dheimhniú nach bhfuil siad ag feidhmiú a thuilleadh nó go bhfuil siad ag feidhmiú faoi uimhir charthanais eile. Cuireadh sonraí na n-eagraíochtaí sin ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim lena ndíchlárú. Maidir leis na 316 eagraíocht eile, chomhoibrigh 236 cinn linn ar an ábhar agus ní rabhthas in ann 80 ceann a aimsiú ag an seoladh/na seoltaí a thug na Coimisinéirí Ioncaim dúinn. Cuireadh sonraí an 80 eagraíocht sin ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ionas gur féidir leo tuilleadh gnímh a dhéanamh ina leith.

Leanfar ar aghaidh le carthanais nach gcomhoibríonn leis an Rialálaí a bhaint den chlár sa bhliain 2017, agus é mar aidhm againn clár láidir iontaofa a chur i bhfeidhm.

Modh B:
Carthanais alt 39: Eagraíochtaí a dhéanann iarratas chuig an Rialálaí Carthanas ar theacht chun bheith ina gcarthanais chláraithe

Leagtar amach in alt 39 den Acht an fhaisnéis a cheanglaítear ar eagraíochtaí a thabhairt agus iad ag déanamh iarratas ar a n-áireamh ar chlár eagraíochtaí carthanúla na hÉireann. Eagraíochtaí nua agus eagraíochtaí carthanúla a bunaíodh roimh an 16 Deireadh Fómhair 2014 (eagraíochtaí réamhbhunaithe) nach raibh díolúine charthanúil chánach (uimhir charthanais) acu, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar a n-áireamh ar an gclár eagraíochtaí carthanúla beag beann ar a méid, ar a struchtúr dlíthiúil nó ar a n-ioncam. Leag an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 16 Aibreán 2016 síos mar dháta deiridh a ghlacfaí le hiarratais ó eagraíochtaí carthanúla réamhbhunaithe.

Cláraíodh 84 eagraíocht charthanúla san iomlán faoi alt 39 den Acht sa bhliain 2016. Bhí grúpaí pobail áitiúil, bunscoileanna agus carthanais atá ag feidhmiú thar lear i measc na gcineálacha eagraíochtaí a measúnaíodh agus a cláraíodh sa bhliain.

CLÁRAÍODH AN CHÉAD 20 BUNSCOIL I MÍ NA NOLLAG

Is iad seo a leanas roinnt de na buaicphointí i ndáil leis an obair clárúcháin sa bhliain:

- Cuireadh 855 iarratas faoi réir measúnú iomláine. Measadh 770 iarratas a bheith neamhiomlán agus seoladh iad ar ais chuig an iarratasóir lena mbaineann;
- Deonaíodh 84 iarratas agus áiríodh na heagraíochtaí lena mbaineann ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla ansin, lenar áiríodh an chéad 20 bunscoil riamh;
- Foilsíodh treoirdhoiciméid nua ar ár suíomh Gréasáin, lenar áiríodh bunreachtanna eiseamláireacha do chuideachtaí agus do chumainn. Ba i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a ullmhaíodh na bunreachtanna eiseamláireacha, agus cabhróidh siad le heagraíochtaí atá ag déanamh iarratas ar chlárú agus le carthanais atá cláraithe cheana féin doiciméid rialaithe níos láidre agus níos cuimsithí a chur i bhfeidhm.

Ceanglaítear le halt 42 den Acht ar charthanas cláraithe toiliú an Rialálaí Carthanas a iarraidh sula n-athróidh sé ainm na heagraíochta. Fuarthas 114 iarratas ar thoiliú le hathrú ainm sa bhliain 2016. Díobh sin, deonaíodh toiliú i 100 cás agus bhí 14 chás eile fós á bhfiosrú leis an eagraíocht lena mbaineann.

Tuairisciú

A luaithe a bheidh a shonraí comhlánaithe aige ar an gclár, ní mór do charthanas tuarascáil bhliantúil a chomhdú laistigh de 10 mí ó dheireadh a bhliana airgeadais (nó cibé tréimhse is giorra ná sin a shonróidh an tÚdarás). Níor ceanglaíodh ar aon charthanais nuachláraithe faoi alt 39 tuarascáil bhliantúil a chomhdú sa bhliain 2016.

Bíonn an Tréimhse Tuairiscithe Bhliantúil ar siúl ón 16 Lúnasa go dtí an 15 Lúnasa. D'fhág sé sin go raibh dhá thréimhse pháirteacha tuairiscithe bhliantúil ann le linn na bliana 2016. Tháinig méadú ar an líon tuarascálacha a comhdaíodh sa bhliain 2016, agus 7,430 tuarascáil faighte ó 4,420 carthanas. B'ionann é sin agus méadú 6,706 thuarascáil bhliantúil ar an bhfigiúr don bhliain 2015. Ba mhéadú suntasach é sin.

Ag deireadh na bliana 2016, bhí 1,037 dtuarascáil fós amuigh ó na heagraíochtaí sin a raibh a sonraí comhlánaithe acu ar an gclár.

An Líon Carthanas, leagtha amach de réir ioncaim

Ní fhéadfar ioncam carthanais a chinneadh ach amháin tar éis dó a sonraí a chomhlánú ar an gclár poiblí nó tar éis dó an chéad tuarascáil bhliantúil uaidh mar charthanas nuachláraithe a chomhdú.

Léirítear sa chairt thíos na 4,962 charthanas a bhí ann ag deireadh na bliana 2016, agus iad miondealaithe ina dtrí bhanda ioncaim. Is iad sin na heagraíochtaí a measadh a bheith ina gcarthanais chláraithe agus a raibh a sonraí comhlánaithe acu ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla faoi dheireadh na bliana 2016.

An Líon Carthanas, leagtha amach de réir na faisnéise Ioncaim atá tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil uathu



Bainistíocht teagmhálacha/Ceisteanna

Ceisteanna de réir Ráithe agus Cineáil, 2016



Fuair an Rialálaí Carthanas 30,589 gcinn de theagmhálacha agus de cheisteanna tosaigh ó charthanais, ón bpobal, ó thairbhithe agus ó leas-sealbhóirí eile le linn na bliana 2016. Ba é an teileafón an modh is coitianta cumarsáide, agus é freagrach as 52% den teagmháil ar fad. Ba iad ríomhphost (40%) agus an suíomh Gréasáin (8%) na príomh-mhodhanna cumarsáide eile.

Moil Chlárúcháin na gCarthanas Beag

Mar chuid dá phróiseas caidrimh, d'oibrigh an Rialálaí Carthanas i gcomhpháirt leis an líonra de 21 Ionad Oibrithe Deonacha ar fud na tíre agus le hObair Dheonach Éireann chun seirbhísí tacaíochta a thairiscint do charthanais nach raibh a n-oibleagáidí clárúcháin agus tuairiscithe i ndáil leis an Rialálaí comhlíonta acu go fóill.

Ghníomhaigh gach Ionad Oibrithe Deonacha mar 'mhol clárúcháin' áitiúil chun tacú le heagraíochtaí beaga clárú agus tuairisciú. Is iomaí cineál carthanais atá ann, lena n-áirítear a lán carthanas beag atá faoi stiúir oibrithe deonacha agus a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu agus iad ag clárú. Ós rud é go bhfuil siad suite ag croílár dá bpobail áitiúil agus go bhfuil naisc láidre acu le grúpaí pobail cheana féin, tá Ionaid Oibrithe Deonacha i riocht maith chun an tacaíocht sin a thabhairt. Tá Ionaid Oibrithe Deonacha lonnaithe in áiteanna ar fud na hÉireann agus is féidir leo rochtain a thabhairt d'eagraíochtaí beaga pobail ar na hacmhainní fisiciúla agus leictreonacha a theastaíonn uathu chun iad a chumasú an próiseas clárúcháin Charthanas a shárú.

Tá sé léirithe i gcleachtais idirnáisiúnta gur féidir le tionscnaimh den sórt seo tionchar díreach a imirt ar chomhlíonadh an dlí a mhéadú. Bainfidh an Rialálaí úsáid as an bpróiseas seo freisin chun cabhrú le haon charthanais dhíomhaoine atá ann a shainaithint agus chun a mheabhrú do na heagraíochtaí sin gurb amhlaidh, mura gcomhoibreoidh siad leis, go mbainfear a stádas carthanúil uathu.

> D'OIBRIGH AN RIALÁLAÍ I GCOMHPHÁIRT LE 21 IONAD OIBRITHE DEONACHA AGUS LE HOBAIR DHEONACH ÉIREANN CHUN TACAÍOCHT A THAIRISCINT DO CHARTHANAIS NACH RAIBH A NOIBLEAGÁIDÍ CLÁRÚCHÁIN AGUS TUAIRISCITHE COMHLÍONTA ACU GO FÓILL.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Ábhair imní

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas is ea faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil eagraíochtaí carthanúla ag comhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta carthanas, go háirithe an tAcht Carthanas 2009, agus comhlíonadh na bhforálacha sin a chinntiú. Sa bhliain 2016, rinne an Rialálaí Carthanas próiseas a dhearadh agus a chur chun feidhme chun ábhair imní faoi charthanais a fháil ón bpobal.

Áiríodh leis sin líne chabhrach thiomnaithe a sholáthar trína bhféadfaí ábhair imní a chur in iúl. Mar chuid den phróiseas ábhar imní atá i bhfeidhm againn, scrúdaímid an fhaisnéis a tugadh dúinn, déanaimid measúnú riosca ar an ábhar agus, má bhíonn údar le déanamh amhlaidh, iarraimid dearbhú/faisnéis ón gcarthanas/eagraíocht lena mbaineann. I gcás nach féidir leis an gcarthanas dearbhú a thabhairt dó, bainfidh an Rialálaí leas as na cumhachtaí atá aige faoin Acht chun faisnéis a éileamh, ordacháin a thabhairt, smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus, nuair is gá, cigirí a cheapadh chun gnóthaí an charthanais a imscrúdú.

Fuarthas 317 n-ábhar imní aonair sa bhliain 2016. Ba le 223 cinn de charthanais/eagraíochtaí a bhain na hábhair imní sin. B'ionann é sin agus méadú os cionn 200% ar an bhfigiúr don bhliain 2015.

Tá miondealú ar na hábhair imní aonair a fuarthas sa bhliain 2016 tugtha sa tábla thíos:



Bhí 287 n-ábhar imní aonair á n-athbhreithniú i ndáil le 199 n-eagraíocht ag an 31 Nollaig 2016. Bhí 64 cinn díobh sin, a bhain le 49 n-eagraíocht, tugtha anonn ón mbliain 2015. Le linn na bliana 2016, dúnadh thart ar 255 ábhar imní aonair i ndáil le 100 eagraíocht. Áiríodh leis an bhfigiúr sin 126 chás a dúnadh i ndáil le heagraíocht amháin.

Is féidir tuilleadh sonraí maidir le hábhair imní faoi charthanais agus beartas an Rialálaí maidir le hábhair imní a fháil ar ár suíomh Gréasáin.

Gníomhartha Suntasacha sa bhliain 2016

Console Suicide Bereavement Counselling Limited (uimhir charthanais chláraithe 20050801)

Rinneadh Console Suicide Bereavement Counselling Limited a chlárú go huathoibríoch mar charthanas toisc go raibh díolúine bhailí charthanúil chánach (uimhir charthanais) arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim aige ag an 16 Deireadh Fómhair 2014. De bhun ábhar imní a fuarthas i ndáil le Console Suicide Bereavement Counselling, tharla sé, an 23 Meitheamh 2016, gur iarr an Rialálaí Carthanas ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) cóip de thuarascáil iniúchta inmheánaigh an charthanais a thabhairt dó. Bhain an Rialálaí leas as na cumhachtaí reachtúla atá aige chun an iarraidh sin a chur in iúl arís eile do FSS an 24 Meitheamh 2016. Tar éis dó an doiciméad sin a fháil, agus tar éis d'Aonad Comhlíonta an Rialálaí Carthanas é a scrúdú, tarchuireadh an t-ábhar chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chuig an nGarda Síochána.

I gcomhthráth leis sin, scríobh an Rialálaí Carthanas chuig iontaobhaithe an charthanais chun cruinniú a éileamh agus chun iarraidh ar gach iontaobhaí dearbhuithe agus gealltanais i scríbhinn a thabhairt:

1. go bhfuil maoin an charthanais slán;
2. go ndéanfaidh siad imscrúdú ar na hábhair a tarraingíodh anuas sna meáin le déanaí agus go dtabharfaidh siad tuarascáil don Rialálaí Carthanas ina leith;
3. go dtoileoidh siad le hiontaobhaithe nua a bheith á gceapadh ag an Rialálaí Carthanas chuig an gcarthanas, más gá.

Ag gníomhú dó faoi alt 25 den Acht Carthanas, 1961, thug an Rialálaí Carthanas údarás don charthanas an 30 Meitheamh 2016 imeachtaí san Ard-Chúirt a eisiúint in aghaidh na gcosantóirí ainmnithe agus iarratas a dhéanamh ar orduithe éagsúla, urghairí san áireamh, chun an carthanas a chosaint. Ag an gcruinniú boird dá chuid an 30 Meitheamh, rialaigh an Rialálaí Carthanas go raibh sé beartaithe aige cúigear iontaobhaithe nua a cheapadh chuig an gcarthanas i gcomhréir leis na cumhachtaí reachtúla atá aige.

Le linn na tréimhse sin, d'oibrigh an Rialálaí Carthanas leis an bPríomhfheidhmeannach eatramhach, le FSS agus le Teach Pieta chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint le gníomhaíochtaí agus le seirbhísí carthanúla Console a sholáthar.

I mí Iúil 2016, cheap an Ard-Chúirt leachtaitheoir chuig an gcuideachta agus d'ordaigh sí go bhfoirceannfaí í. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim díolúine charthanúil chánach an charthanais a chúlghairm i mí Iúil 2016. D'fhág sé sin nár measadh an carthanas a bheith cláraithe ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla a thuilleadh.

SIOPAÍ CARTHANAIS

Le linn na bliana 2016, scríobh an Rialálaí Carthanas chuig 11 shiopa tar éis don phobal ábhair imní a chur in iúl dó ina leith. Maíodh go raibh na siopaí ag feidhmiú mar "shiopaí carthanais", cé nach raibh siad cláraithe ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla, agus, ar an mbealach sin, go raibh siad ag sárú an Achta Carthanas 2009.

Cuireadh tús le hionchúiseamh amháin ag deireadh na bliana 2016 tar éis don úinéir mainneachtain freagra a thabhairt don Rialálaí. Scoir úinéir an tsiopa de bheith ag trádáil ansin tar éis do Chúirt Dúiche Shligigh é a ionchúiseamh go rathúil i leith sháruithe an Achta Carthanas.

Dúnadh dhá shiopa tar éis dóibh litreacha chun "scor de ghníomhaíocht agus staonadh uaithi" a fháil ón Rialálaí Carthanas. Bhain dhá shiopa eile tagairtí don fhocal "carthanas", agus iad ag cur in iúl go soiléir don phobal nár charthanais iad. D'fhág sé sin go raibh siad ag comhlíonadh an Achta Carthanas.

Bhí na siopaí eile ina n-ábhar do chásanna leanúnacha comhlíonta a bhí á n-athbhreithniú ag an Rialálaí Carthanas ag deireadh na bliana 2016.

ATHBHREITHNIÚ AR CHARTHANAIS A BHFUIL SCAIREANNA ACU I MEÁIN SHAINCHUSPÓIREACHA AR IONTAOBHAS

I mí Mheán Fómhair 2016, chuir an Rialálaí Carthanas tús le hathbhreithniú ar na Carthanais ar a Chlár a bhfuil scaireanna acu i meáin shainchuspóireacha ar iontaobhas a bunaíodh chun críocha alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ba é cuspóir an athbhreithnithe a chinneadh cén cur chuige rialála ba cheart a ghlacadh i leith na n-eagraíochtaí sin agus a chinneadh cé acu a thagann nó nach dtagann na heintitis faoi shainchúram an Achta Carthanas 2009.

Ba iad na príomhthorthaí ar an athbhreithniú go n-aithníonn an Rialálaí go bhféadfaidh carthanais chláraithe infheistíochtaí a dhéanamh agus scaireanna a shealbhú chun toradh a bhaint amach ar mhaithe le haidhmeanna an charthanais. Is é tuairim an Rialálaí Carthanas, áfach, nár cheart sealbhú scaireanna a bheith ar an bpríomhchuspóir atá ag carthanas ná ar an bpríomhchúis le carthanas a bheith ann.

Eagraíochtaí atá ag iarraidh clárú a fháil nó a choimeád, ní mór dóibh an Rialálaí a shásamh gurb iad cuspóirí carthanúla na haon chuspóirí amháin atá acu.

Tá an tuarascáil iomlán ar an athbhreithniú ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Cumhachtaí Chuid 4 – Eagraíochtaí Carthanúla a Chosaint

I mí Lúnasa 2016, scríobh an tÚdarás chuig an Aire á iarraidh go dtosófaí Cuid 4 den Acht Carthanas 2009. Achtaíodh Cuid 4 i mí Mheán Fómhair agus tugtar léi cumhachtaí imscrúdaitheacha agus cosantacha don Rialálaí. Áirítear leis na cumhachtaí sin an cumas chun smachtbhannaí a fhorchur i gcás go sáróidh carthanas oibleagáidí áirithe amhail an ceanglas chun cuntais chuí a choimeád nó tuarascáil bhliantúil a chur isteach.

Féadfaidh an Rialálaí Carthanas iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun iontaobhaithe carthanais nó baill foirne a fhionraí nó a bhaint agus chun aistriú nó díol maoine carthanais a thoirmeasc i gcás go sásóidh sé an Ard-Chúirt:

- go bhfuil mí-úsáid á baint as maoin carthanais;
- go raibh iontaobhaí carthanais nó ball foirne ag gabháil do mhí-iompar nó do mhíbhainistíocht i ndáil le gnóthaí an charthanais; nó
- nach bhfuiltear ag cloí le forálacha an Achta.

Bhain an Rialálaí Carthanas leas as na cumhachtaí sin ag deireadh na bliana 2016 chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cigirí a cheapadh chun gnóthaí eagraíochta carthanúla a scrúdú;
- ordú a thabhairt do charthanais leabhair, doiciméid agus taifid a chur ar fáil;
- a cheangal ar iontaobhaithe carthanais, ar bhaill foirne carthanais agus ar dhaoine eile freastal le haghaidh agallaimh.

De bhun ábhar imní a cuireadh in iúl don Rialálaí Carthanas, chuaigh aonad comhlíonta an Rialálaí i dteagmháil fhoirmiúil le thart ar 135 cinn de charthanais/eagraíochtaí maidir le comhlíonadh an Achta Carthanas 2009 a chinntiú. Ag teacht sna sála ar achtú Chuid 4 den Acht Carthanas an 5 Meán Fómhair 2016, d'eisigh an Rialálaí ordacháin reachtúla chuig dhá charthanas a measadh a bheith cláraithe faoi alt 40 den Acht, á iarraidh orthu taifid shonracha a chur ar fáil don Rialálaí faoi alt 68 den Acht.

Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

Is é an tríú Cuspóir Straitéiseach atá ag an Rialálaí Carthanas caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach leas-sealbhóir chun tacú leis an ról rialála atá againn. Má bhaintear an cuspóir seo amach, is amhlaidh go mbeidh feasacht mhéadaithe ag iontaobhaithe carthanais ar cheanglais an Achta Carthanas.

Cuirfidh sé sin leis an eolas atá ann ar ár gcuid oibre, ar an raon carthanas atá ag obair agus ar an luach agus ar an leas pobail a chuireann siad ar fáil chun tacú le cúiseanna fiúntacha. Tugadh faoi roinnt gníomhaíochtaí sa réimse seo sa bhliain 2016.

An Painéal Comhairleach ar Chruinniú Airgid Carthanúil

Ar iarraidh ón Tánaiste agus ó Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chuir an Rialálaí Carthanas Painéal Comhairleach ar Chruinniú Airgid Carthanúil ar bun i mí Feabhra 2016.

Bhí an painéal faoi chathaoirleacht ag Ann FitzGerald, comhalta den Údarás. Bhí an painéal comhdhéanta de na comhaltaí seo a leanas:

Niamh Callaghan (*comhpháirtí, Mason Hayes and Curran*)

Tom Costello (*comhalta den Údarás*)

John Cunningham (*Cathaoirleach, Comhairle um Inimircigh na hÉireann*)

Deirdre Garvey (*Príomhfheidhmeannach, The Wheel*)

Úna Ní Dhubhghaill, go dtí an 15 Aibreán 2016. Tháinig John Farrelly (*Príomhfheidhmeannach, an Rialálaí Carthanas*) ina háit ón 16 Bealtaine i leith.

Jim Howe (*Bainisteoir Cruinniú Airgid, Concern Worldwide*)

Lucy Masterson (*Príomhfheidhmeannach, Fundraising Ireland*)

Sheila Nordon (*Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Irish Charities Tax Research*)

Liz Roche (*sainchomhairleoir neamhspleách maidir le cruinniú airgid*).

Tháinig an painéal le chéile sé huaire sa bhliain 2016 chun breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

1. Tosach feidhme ailt 93 go 96 d'Acht 2009, agus an dá alt sin san áireamh;
2. An chumhacht atá ag an Aire de bhun alt 97 d'Acht 2009 chun Rialacháin a dhéanamh lena rialaítear cruinniú airgid carthanúil;
3. Na roghanna eile atá ann maidir le cruinniú airgid carthanúil a rialáil - mar shampla, cód cleachtais a chur i bhfeidhm - agus aird á tabhairt ar acmhainní, ar ghlacadh agus ar chúrsaí faireacháin agus forfheidhmithe; agus
4. An ról atá ag an Údarás maidir le cruinniú airgid carthanúil a rialáil.

Samhlaítear go gcuirfear tuarascáil deiridh ar an obair sin faoi bhráid an Údaráis sa bhliain 2017, rud ina leagfar amach na tuairimí agus na tograí ón bpainéal.

Feachtas For-Rochtana Carthanas

Eagraíodh ocht n-imeacht faisnéise ar fud na tíre le linn mhí Eanáir mar chuid den iarracht chun a léiriú do charthanais gur gá dóibh clárú. Cuireadh cruinnithe ar siúl ar an Inbhear Mór, i nDurlas, i bPort Laoise, ar an Longfort, i gCeatharlach, in Inis Córthaidh, i mBaile Átha Cliath agus i Muineachán. Reáchtáladh feachtas sna meáin ina dhiaidh sin i mí Aibreáin. Le linn an fheachtais sin, foilsíodh eagarfhocail agus fógraí sa phreas, tugadh faoi ghníomhaíochtaí poiblíochta sna meáin shóisialta agus faoi agallaimh leis na meáin; agus dáileadh bróisiúir faisnéise. Foilsíodh alt ón Rialálaí i 20 nuachtán réigiúnacha mar chuid den fheachtas freisin.

An Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais maidir le Sciúradh Airgid

Tá an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) ina chomhlacht idir-rialtasach a chuimsíonn 35 bhalldlínse, Éire ina measc. Tá sé freagrach as scrúdú a dhéanamh ar theicnící sciúrtha airgid agus ar threochtaí maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus as bearta arna ndéanamh ag a chuid ball a athbhreithniú agus aiseolas a thabhairt ina leith.

Tá sraith moltaí curtha le chéile ag FATF chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (tá na moltaí sin ar fáil ag www.fatf-gafi.org).

Is i Moladh 8 go háirithe a phléitear leis an ngá atá ann lena chinntiú nach mbainfidh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta mí-úsáid as eagraíochtaí seachbhrabúsacha. Molann FATF nach gcuirfeadh aon bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo carthanais a chosaint isteach ar ghníomhaíochtaí carthanúla dlisteanacha agus nach gcuirfidís in éadan na ngníomhaíochtaí sin ach oiread. Ina ionad sin, ba cheart tabhairt faoi bhearta chun cuntasacht a chur chun cinn agus chun cur leis an muinín atá ag deontóirí agus ag an bpobal i gcoitinne go mbíonn cistí carthanais agus seirbhísí carthanais ag dul chun leas na dtairbhithe dlisteanacha atá beartaithe.

Rinne FATF meastóireacht ar Éirinn idir an 3 agus an 18 Samhain 2016. D'oibrigh an Rialálaí Carthanas i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an Roinn Airgeadais agus le leas-sealbhóirí tábhachtacha carthanais ar fud na bliana 2016 chun gníomhartha agus fianaise a fhorbairt lena dtacófaí lena léiriú go bhfuil Éire ag comhlíonadh na Moltaí ó FATF. Mar chuid dá chuid oibre i leith FATF, thug an Rialálaí Carthanas faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas sa bhliain 2016:

- Bhuail sé le rialálaithe ón Ríocht Aontaithe agus ón Eoraip;
- Bhuail sé le leas-sealbhóirí tábhachtacha ó charthanais in Éirinn; agus
- Sholáthair sé for-rochtain do charthanais a d'fhéadfadh bheith leochaileach i leith mí-úsáide.

Bhuail an Rialálaí agus leas-sealbhóirí tábhachtacha ó charthanais in Éirinn le foireann meastóireachta FATF freisin chun léargas a thabhairt di ar an obair a dhéanann carthanais in Éirinn agus ar an dóigh a rialáiltear iad.

An Comhairliúchán Poiblí ar Thuairisciú Airgeadais agus ar Chruinniú Airgid

Tionóladh cruinnithe poiblí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh ar chruinniú airgid carthanúil agus ar threoirlínte cuntasaíochta agus tuairiscithe. Bhí 180 duine san iomlán i láthair lena linn. Chomhlánaigh 270 duine eile ceistneoir ar líne don chomhairliúchán.

Mar chuid den fheachtas feasachta a reáchtáladh chun aird a tharraingt ar an gceanglas atá ar scoileanna clárú don chlár eagraíochtaí carthanúla den chéad uair riamh, d'fhreastail baill foirne ar chomhdháil Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann agus ar ócáidí de chuid Chumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha.

Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal

Tharla sé go raibh an suíomh Gréasáin ina uirlis luachmhar cumarsáide sa bhliain. Thug 56,889 gcuairteoir uathúla cuairt ar an suíomh Gréasáin le linn na bliana 2016, agus iad ag amharc ar 522,762 leathanach. Rinne an Rialálaí caidreamh leis an earnáil carthanas trí roinnt imeachtaí éagsúla freisin, lenar áiríodh aitheasc a thabhairt ag comhdháil The Wheel, tacaíocht a thabhairt do na Dámhachtainí Dea-Rialachais, agus óráid a thabhairt ag comhdháil ICTR/Davy Group.

Rochtain ar Fhaisnéis

Tá an Rialálaí Carthanas tiomanta dá bheith ina eagraíocht oscailte inrochtana. Is leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a thugtar ceann amháin de na modhanna inar féidir le daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis a theastaíonn uathu i gcás nach bhfuil siad in ann teacht uirthi ar aon bhealach eile.

Saoráil Faisnéise

Na hIarrataí iomlána a fuarthas sa bhliain 2016	Iomlán	Deonaíodh an iarraidh	Deonaíodh an iarraidh go páirteach	Diúltaíodh don iarraidh	Tarraingíodh an iarraidh siar
- Iarrataí pearsanta	6		4	2	
- Iarrataí neamhphearsanta	19	3	3	7	4
- Iarrataí measctha	1		1		
Iomlán	**26**	**3**	**8**	**9**	**4**
Iarrataí a bhí ar láimh ag an 31 Nollaig 2016	2				

Nochtadh Cosanta

De réir alt 21(11) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá an Beartas um Nochtadh Cosanta ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais glactha ag an Údarás mar bheartas lena rialaítear nochtadh cosanta san ionad oibre. Is leis an mBeartas sin a thugtar próiseas don Údarás chun ábhair imní arna nochtadh ag baill foirne dó a láimhseáil.

Ní dhearna aon bhall foirne nochtadh, mar atá sainmhínithe san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, don Údarás le linn na bliana 2016.

Cosaint Sonraí

Tá an Rialálaí Carthanas cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí, i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988, agus leis an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.

Na hlarrataí iomlána a fuarthas sa bhliain 2016	Iomlán	Deonaíodh an iarraidh	Deonaíodh an iarraidh agus coinníodh roinnt faisnéise siar	Coinníodh an fhaisnéis siar	Níor soláthraíodh aitheantas
- Faisnéis phearsanta	6		2	2	2
Iomlán	**6**		**2**	**2**	**2**

Ceisteanna Parlaiminte

Thug an Rialálaí Carthanas freagra ar 16 Cheist Pharlaiminte ó 11 chomhalta den Oireachtas le linn na bliana. I measc nithe eile, bhain na ceisteanna sin le hábhair amhail soláthar foirne agus cumhachtaí agus cinntí an Rialálaí. Fuarthas ceisteanna maidir le rialachas carthanas sonrach freisin.

Oireachtas

Labhair John Farrelly, Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas, os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Shláinte i mí Mheán Fómhair maidir le maoirseacht ar ghníomhaireachtaí alt 39. Thug an Rialálaí freagra ar 17 gceist ó chomhaltaí aonair den Oireachtas le linn na bliana. Chuir sé seoladh ríomhphoist tiomnaithe ar bun do TDanna agus do Sheanadóirí chun an próiseas sin a chuíchóiriú chomh maith.

Ráitis Airgeadais

an Údaráis Rialála Carthanas
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

RIARACHÁN

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

An tÚdarás Rialála Carthanas
(*"An tÚdarás"*)

Patrick Hopkins (*Cathaoirleach*)

Graham Richards

Ann FitzGerald

Patricia Cronin

David Brady

Cynthia Clampett

Anna Classon

Fergus Finlay

Tom Costello

Senan Turnbull

Barbara O'Connell (*a d'éirigh as an ról an 11 Samhain 2016*)

Hugh Maddock

Sandra Chambers

Katie Cadden

Noel Wardick

Príomhfheidhmeannach

John Farrelly (a ceapadh an 16 Bealtaine 2016)

Ms. Úna Ní Dhubhghaill (go dtí an 15 Aibreán 2016)

Oifig:

3 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1, D01 X5X0

Ráitis Airgeadais

Is tógtha ó dhréachtchuntais atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí athrú uirthi. Cuirfear cuntais iniúchta deiridh ar fáil a luaithe is féidir tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh orthu. Tá sé beartaithe go ndéanfar an t-iniúchadh sin i mí Iúil 2017.

Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais don Rialálaí Carthanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016:

Ioncam	**€'000**
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	2,708
Ioncam Iomlán	**2,708**
Caiteachas	**€'000**
Costais Foirne	1,177
Riarachán	1,336
Iniúchóireacht	16
Dímheas	15
Caiteachas Iomlán	**2,544**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	**164**
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	(116)
Barrachas don bhliain	**48**
Cúlchistí Tosaigh	**(223)**
Cúlchistí Deiridh	**(175)**

Chun faisnéis níos mine a fháil, féach na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus an deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais sin. A luaithe a bheidh siad ar fáil, beifear in ann cóipeanna de na cuntais a fháil ó www.charitiesregulator.ie.

Ráitis Airgeadais – An Comhchiste Infheistíochta

Is tógtha ó dhréachtchuntais atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo i ndáil le Cistí Carthanas don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2016, mar a cheanglaítear leis an Acht Carthanas 2009. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí athrú ar an bhfaisnéis. Cuirfear cuntais iniúchta deiridh ar fáil a luaithe is féidir tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh orthu. Tá sé beartaithe go ndéanfar an t-iniúchadh sin i mí Iúil 2017.

Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais do Chistí Carthanas an Rialálaí Carthanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016:

Ioncam	**€'000**
An Comhchiste Infheistíochta/Fáltais eile	1,325
Ús	13
Cistí Carthanas Nua	469
Ioncam Iomlán	**1,807**
Caiteachas	**€'000**
Aistrithe chuig an gComhchiste Infheistíochta agus íocaíochtaí eile	1,817
Caiteachas Iomlán	**1,817**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	**(10)**
Cúlchistí Tosaigh	**3,761**
Cúlchistí Deiridh	**3,751**

Chun faisnéis níos mine a fháil, féach na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus an deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais sin. A luaithe a bheidh siad ar fáil, beifear in ann cóipeanna de na cuntais a fháil ó www.charitiesregulator.ie.

An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulatoryauthority.ie

© An Rialálaí Carthanas 2017